Líofa

DCAL
Department of Culture, Arts and Leisure
www.dcalni.gov.uk
AN ROINN
Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

EAGRAN A HOCHT – MÉAN FÓMHAIR 2012

Oifigeach Forbartha Líofa, Ursula Uí Dhonnaile, Ariel Killick (Independent State of Happiness) agus Lynette Fay (BBC) a bheidh mar óstach ar an lá.

Sonas ort inniu, a Líofa!
Happy Birthday Líofa!

Tá bliain caite anois ó seoladh Líofa agus leis an ócáid a chomóradh, tá lucht Líofa ag reáchtáil Chóisir Lá Breithe Líofa agus tá cuireadh ar gach aon duine!

Tá roinnt aidhmeanna ag Lá Líofa; ceann acu sin rannpháirtithe uile Líofa a spreagadh a thug faoi dhúshlán Líofa le bliain anuas. Tá rún ag Lá Líofa 'ardú meanman' a thabhairt do rannpháirtithe Líofa ina n-iarrachtaí bheith líofa sa Ghaeilge faoi 2015 agus tabharfar comhairle agus tacaíocht dóibh ar an lá.

Ní hé sin amháin é, beidh a lán spraoi ag baint le comóradh seo chéad lá breithe Líofa, is imeacht siamsúil teaghlaigh a bheidh ann agus fáilte roimh gach aon duine, bíodh Gaeilge acu nó ná bíodh.

Tá Lá Líofa dírithe orthu siúd atá fiosrach faoin Ghaeilge, orthu siúd atá ag iarraidh tabhairt faoi dhúshlán Líofa agus orthu siúd a bhfuil tacaíocht de de dhíth orthu leis an Ghaeilge a fhoghlaim. Beidh sé ina cheiliúradh ar an Ghaeilge féin agus tá céad míle fáilte roimh an domhan is a mháthair teacht chuig an ócáid spraíúil cheiliúrtha seo, a bheidh **saor in aisce!** Má tá tú cláraithe le Líofa, **bí cinnte go mbeidh tú ann le do bhronntanas lá breithe Líofa a fháil** agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla – tabhair leat do chlann is do chairde chuig an cheiliúradh chomh maith!

Beidh an chóisir Líofa seo á reáchtáil ar **22 Meán Fómhair i gCearnóg Theach an Chustaim, ó 1pm – 4pm** romhaibh!

TEACHTAIREACHT AN AIRE

"Nárbh iontach an bhliain a bhí ann maidir le forbairtí sa Ghaeilge. Is cúis mhór uchtaigh dom an líon ollmhór daoine a leag rompu, mar a leag mé romham féin, an dúshlán bheith Líofa faoi 2015. Agus a chéad lá breithe á cheiliúradh ag Líofa, tá cuireadh á chur ar chách teacht chuig Lá Líofa – céad chóisir lá breithe Líofa i gCearnóg Theach an Chustaim, Béal Feirste. Bí liom ar Lá Líofa le haghaidh réimse de ghrúpaí ceoil, de shiamsa teaghlaigh, de chraic agus de chuideachta. Foghlaim níos mó faoi Líofa agus faigh tuilleadh tacaíochta le cuidiú leat leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus le líofacht a bhaint amach. Beidh bronntanas breithlae ó Líofa ar an lá do gach rannpháirtí de chuid Líofa!

Líofa
2015

DRÉACHTSTRAITÉIS: COMHAIRLIÚCHÁN AR AN GHAEILGE

Ba chóir go bhfuair tú rphost ar na mallaibh ón Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta le deis a thabhairt duit ábhar a mholadh maidir leis an dréachtstraitéis chun forbairt na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú. Thosaigh an tréimhse chomhairliúcháin ar an Chéadaoin 11 Iúil agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí 5:00pm ar an Mháirt 27 Samhain 2012. Is féidir teacht ar an doiciméad comhairliúcháin ar shuíomh idirlín na Roinne Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta.

SÍNITHEOIRÍ LÍOFA– SEOLTAÍ RPHOIST NEAMHBHAILÍ

Mar is eol don chuid is mó agaibh, cláraíonn rannpháirtithe Líofa le dúshlán Líofa ar líne nó trí fhoirm phoist. Tá roinnt seoltaí ríomhphoist neamhbhailí ag Líofa áfach, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil roinnt daoine cláraithe le haghaidh Líofa 2015 nach bhfuil agus nach raibh ag fáil comhfhreagrais ó Líofa. Má tá aithne agat ar chomhghleacaí, teaghlach nó cara ar bith, a chláraigh le Líofa ach nach bhfuil ag fáil teachtaireachtaí, iarr orthu, le do thoil, dul i dteagmháil le Líofa trí na sonraí teagmhála thíos.

LÍON NA NDAOINE ATÁ CLÁRAITHE LE LÍOFA

Tá níos mó ná 2305 duine cláraithe le Líofa anois. Má tá tú cláraithe le Líofa cheana féin, cad faoi dhuine de do chuid cairde nó duine ó do theaghlach a spreagadh le dul leat i dtreo na líofachta?

LÁ LÍOFA – BÍ LINN AGUS MUID AG CEILIÚRADH LÁ BREITHE LÍOFA!

Leis na seónna ardáin agus an tsiamsaíocht teaghlaigh, is lá spraoi iontach amuigh a bheidh sa Lá Líofa, ach déanfar ceiliúradh ar lá breithe Líofa fosta le tacaíocht, treoir agus spreagadh a thabhairt dóibh siúd a thug faoi nó a thabharfaidh faoin dúshlán Líofa le bheith ag feabhsú nó ag cur lena líofacht sa Ghaeilge faoi 2015.

Beidh Lynette Fay (láithreoir Raidió agus Teilifíse) ina hóstach ar Lá Líofa; cuirfidh sí tús le ceiliúradh Líofa, cuirfidh sí aithne ar roinnt de rannpháirtithe Líofa agus cuirfidh sí agallamh ar lucht tacaíochta Líofa!

Beidh **Goitse** ann le Lá Líofa a oscailt agus a sheoladh lena seinm ghasta fhuinniúil. Is buíon cheoil de chúigear ardtallainne é Goitse atá ag teacht chun blátha agus ag cruthú ainm dóibh féin mar cheann de na buíonta ceoil is mó a bhfuil tóir orthu i measc shaineolaithe agus lucht leanta an cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh agus ceolann siad i nGaeilge agus i mBéarla araon. Tá lucht leanúna ag Goitse atá ag síormhéadú thart ar an domhan. Ar an 22ú lá Meán Fómhair beidh siad ag Cearnóg Theach an Chustaim chun cóisir Líofa a lainseáil.

Is le deireanas atá **Nodlaig Ní Bhrolcháin** á haithint mar dhuine den fhíorbheagán oirfideach ceoil a sheinneann Cláirseach ársa Dhún Bó ar an aimsir seo. Is cainteoir líofa Gaeilge í Nodlaig, agus léireoidh sí ar an ardán ag Lá Líofa, traidisiún (nach bhfeictear ach go hannamh na laethe seo) traidisiún ársa amhránaíocht bailéad le tionlacan Chláirseach Dhún Bó.

Pictiúr thuas: Deartháireacha Fanzini

Léireoidh na **Deartháireacha Fanzini** a siamsaíocht choiméide a bhfuil clú idirnáisiúnta uirthi agus rachaidh siad i mbun a dtaispeántais chraiceáilte chleasaíochta ar an ardán agus ansin, beidh siad ag leanúint den tsiamsaíocht fánaíochta i rith an lae.

Is é **Cór Loch Lao** cór amhránaíochta na Cultúrlainne agus tabharfaidh siad taispeántas le linn Lá Líofa faoi stiúir Dhoiminic Mhic Giolla Bhríde, ar cainteoir dúchais Ghaeilge as Gaoth Dobhair é agus buaiteoir Chorn Uí Riada.

Tá clú amuigh ar **JJ Ó Dochartaigh** as feabhas a chuid aistriúchán i nGaeilge ar phopamhráin ar nós 'Just the Way You Are' le Bruno Mars – bainfidh daoine óga, go háirithe, fíorshult as an seó seo agus spreagfar iad le ceol ina chuideachta! Beidh go leor le déanamh ag páistí i rith na hiarnóna ar fad le réimse leathan de ghníomhaíochtaí lena n-áirítear aghaidhphéinteáil, caisleán preabach agus ceardaíocht!

Beidh **stainnín eolais Líofa** agus eagraíochtaí eile Gaeilge ann i rith an lae le deis a thabhairt don ghnáthphobal fáil amach faoi ranganna Gaeilge, imeachtaí Gaeilge agus tacaíocht a chur ar fáil daoibh chun chun cuidiú leo páirt a ghlacadh i saol na Gaeilge.

DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Más mian leat clárú le Líofa nó má tá scéal agat dár nuachtlitir fút féin agus foghlaim na Gaeilge, ná bíodh aon leisce ort ríomhphost a chur chuig (Liofa@dcalni.eu) nó scríobh chugainn (Líofa, RCEF, Brainse Teangacha, 7ú hUrlár, Causeway Exchange, 1-7 Sráid Bedford, Béal Feirste, BT2 7EG).

Más mian leat clárú le Líofa, déan teagmháil linn, le do thoil, trí úsáid a bhaint as Leathanach Baile Líofa.